Camchuairt i gCiarraí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chamchuairt neamhghnách i gContae Chiarraí.



Féach ar ghearróg ón mír **gan** fuaim. Cad é ábhar na míre, dar leat? Scríobh síos tuairisc ghearr bunaithe ar a bhfeiceann tú ón mír. Bain úsáid as do shamhlaíocht!

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

on the roads of the peninsula	_____
more than €30,000 was collected	_____
two charities	_____
the lungs	_____
donor	_____
transplant	_____
heartbreak	_____
dust	_____
old, elderly	_____
working group	_____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus breac síos na slite a bhfuil sí difriúil ón tuairisc a scríobh tú féin ar an mír, faoi **Cheist 1**.

Ceist 4 Cúrsaí teanga agus ceisteanna tuisceana

1. Cén chanúint atá ag na cainteoirí sa mhír? Aimsigh cúpla sampla ón mír a chuireann an chanúint sin in iúl.

2. Bhain cuid de na cainteoirí úsáid as focail Bhéarla. Cén fáth, dar leat? Cén Ghaeilge atá ar na focail sin – *donor, tractor, alright*?

3. Ar thuig tú na cainteoirí ar fad? Cén fáth?

4. Samhlaigh go bhfuil tú ag caint le duine agus nach dtuigeann tú mórán atá á rá acu. Cad iad na frásaí a d'úsáidfeá chun do mhíthuiscint a chur in iúl?

Ceist 5 '…bailíodh…' agus '…nach bhfacthas…'

Seo thíos an fhoirm cheisteach den saorbhriathar san aimsir chaite – na briathra neamhrialta.

an ndúradh…?	*dúradh* _____
ar rugadh…?	_____
ar chualathas…?	_____
an ndearnadh…?	_____
an bhfuarthas…?	_____
an bhfacthas…?	_____
ar itheadh…?	_____
ar tugadh…?	_____
ar thángthas…?	_____

1. Breac síos gnáthfhoirm an tsaorbhriathair san aimsir chaite i ngach cás.
2. Cuir gach sampla den saorbhriathar a bhreacann tú síos in abairtí lena mbrí a léiriú.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An ndearna tú féin aon rud neamhghnách riamh ar son carthanachta? Cad a bhí ann?
2. Cén fáth nach féidir leis an Stát go leor airgid a chur ar fáil do sheirbhísí cúraim leighis sa tír, dar leat?
3. Déan cur síos ar Chorca Dhuibhne, ón méid a fheiceann tú sa mhír.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Cuir an mhír ar siúl nóiméad amháin nó mar sin tar éis thús na míre. Tá na híomhánna is fearr ag an bpointe seo. Bí cinnte an fhuaim a mhúchadh. Iarr ar na foghlaimeoirí cuntas gearr a scríobh faoi ábhar na míre, dar leo féin. Tabhair deis dóibh na tuairimí a bhí acu a phlé leis an duine in aice leo. Pléigh tuairimí an ranga ar fad ansin.

Ceist 2

on the roads of the peninsula	*ar bhóithre na leithinse*
more than €30,000 was collected	*bailíodh breis agus €30,000*
two charities	*dhá charthanacht*
the lungs	*na scamhóga*
donor	*deontóir*
transplant	*trasphlandú*
heartbreak	*briseadh croí*
dust	*smúit*
old, elderly	*cnagaosta*
working group	*meitheal*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. Tá canúint na Mumhan ag na cainteoirí. Samplaí den chanúint sin – *thar n-ais, ar an **d**trasphlandú, a dhein, bóithre **na dúthaí**, bhíodar, thosnaíos*, *féinig, ag tarrac.*
2. Tá an Ghaeilge faoi thionchar an Bhéarla go mór. Nuair a bhíonn dátheangachas i gceist is minic teanga amháin níos láidre ná an ceann eile, sa chás seo an Béarla – *donor - deontóir, tractor - tarracóir, alright – ceart go leor, go breá*.
3. Tuairimíocht atá i gceist anseo.
4. ‘Tá brón orm, ní thuigim thú’. ‘Gabh mo leithscéil, abair arís é’. ‘Abair sin arís, le do thoil’. ‘Ar mhiste leat é sin a rá arís?’. ‘An féidir leat labhairt níos moille?’

Ceist 5

an ndúradh…?	dúradh
ar rugadh…?	rugadh
ar chualathas…?	chualathas
an ndearnadh…?	rinneadh
an bhfuarthas…?	fuarthas
an bhfacthas…?	chonacthas
ar itheadh…?	itheadh
ar tugadh…?	tugadh
ar thángthas…?	thángthas

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Fáilte romhaibh thar n-ais. Anois radharc ba ea é seo nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin i gCorca Dhuibhne. Suas le 150 tarracóir i mbun camchuairte ar bhóithre na leithinse. Tráthnóna inné a bhí sé ar bun agus bailíodh breis agus €30,000 do dhá charthanacht – Ionad Seanóirí[1] sa Daingean agus Cumann Fiobróis Scamhóige na hÉireann.

Seán Mac an tSíthigh
Níl ach dhá bhliain ann ó bhí John O'Sullivan i mbaol báis, na scamhóga ag teip de dheasca fiobróise. Ach, ar deireadh tháinig an glaoch go raibh deontóir aimsithe. Nuair a dhúisigh sé tar éis na hobráide, dúradh leis go raibh rath ar an trasphlandú[2].

John O'Sullivan, Coiste Chamchuairt na dTarracóirí
Cheap a lán daoine go mb'fhéidir gurbh é an *donor* a tháinig isteach i mo cheann ar dtús ach ní hea, ach clann an *donor*, a dhein[3] an cinneadh an mhaidin sin agus briseadh croí orthu.

Seán Mac an tSíthigh
Inné, tháinig feirmeoirí Chorca Dhuibhne le chéile, suas le 150 tarracóir, smúit á baint as bóithre na dúthaí[4] agus airgead á bhailiú acu de Chumann Fiobróis Scamhóige na hÉireann, ach chomh maith leis sin do Ghairdín Mhuire, ionad cúraim do sheandaoine sa Daingean.

Séamus Ó Dubháin, Coiste Chamchuairt na dTarracóirí
Bhuel bhí sí i nGairdín Mhuire timpeall dhá bhliain go leith sular bhfuair sí bás agus bhíodar an-mhaith di … uaithi[5]. Sin é an fáth gur thosnaíos[6] an rud seo.

Seán Mac an tSíthigh
Bhí tarracóirí nua ann agus a thuilleadh acu cnagaosta go maith.

Muiris Chosaí Mac Gearailt, Tiománaí Massey Ferguson 135

Seán: Cén saghas *tractor* í sin?
Muiris: Ah tá sí *alright*. Ferguson… cad is dóigh leat? An í caoch atá tú?
Seán: Cad é an saghas *speed* atá aici sin?
Muiris: Dhéanfadh sí cúig nó sé de mhílte san uair an chloig.
Seán: An dtógfaidh sé i bhfad ort gabháil timpeall?
Muiris: Oh tógfaidh sé dhá lá. Tráthnóna amárach b'fhéidir go mbeimis críochnaithe.

Seán: Cad as atá na feirmeoirí tagtha?
Tiománaí 1: Déanaim amach go bhfuil siad ó ar fud an chontae ar fad. Tá siad ag dul ó Lios Tuathail is na háiteanna sin chomh maith, ó ar fud na háite.

Tiománaí 2: D'fhágamar timpeall a haon is ní fheadair cén t-am anois é.
Seán: Níl aon deabhadh oraibh?
Tiománaí 2: Níl aon deabhadh in aon chor. Níl aon deabhadh.

[1] *seanadóirí* a dúradh
[2] *ar an dtrasplandú* a dúradh
[3] *rinne* an leagan caighdeánach
[4] *na dúiche* an leagan caighdeánach
[5] Ní léir céard go díreach a dúradh
[6] *thosaigh mé* an leagan caighdeánach

Seán Mac an tSíthigh
Breis agus 20 míle bóthair a chuireadar díobh[7] ó Lios Póil siar tríd an Daingean[8], as sin go Ceann Trá, Baile an Éanaigh agus isteach an Daingean arís. Bailíodh os cionn €30,000.

Joan Uí Shúilleabhain, Lios Póil
Murach an fhéile féin[9], ní fhaigheann siad aon deontas ón Rialtas nó aon rud mar sin. Sin é pobal Lios Póil, an tábhacht a chuireann siad isteach sa phobal féinig[10]. Tugann gach aon duine cabhair dá chéile. Sin iad muintir Lios Póil.

Seán Mac an tSíthigh
Dhá uair an chloig a thóg sé orthu an cúrsa a chur díobh. Meitheal na dtarracóirí, agus iad ag tarrac[11] le chéile.

Seán Mac an tSíthigh, TG4, Corca Dhuibhne.

[7] *dóibh* a dúradh
[8] *tríd an nDaingean* a dúradh
[9] Ní fios céard go díreach a dúradh anseo
[10] *féin* an leagan caighdeánach
[11] *ag tarraingt* an leagan caighdeánach